

### 1.1 CÚLRA DO LAA AGUS TIONSCNAMH ATHBHREITHNITHE POLASAÍ

I 1996, shainaithin Grúpa Comhordaitheach Rúnaí na Roinne bunaithe faoi Thionscnamh Bainistíochta Straitéiseach (TBS) ina dtuarascáil ar Rialtas Níos Fearr a Sheachadadh go raibh gá le *“anailís chórasach ar an méid atá á bhaint amach...(le) acmhainní rialtais...”* Mhol siad (gur chóir) do *“chomhaontaithe idir an Roinn Airgeadais agus Ranna aonair ar údarás tarmlichte do chlár chaiteachais sceideal athbhreithnithe caiteachais a chur ar fáil a bheadh le déanamh le linn na gcomhaontaithe a bheith i bhfeidhm leis an aidhm a chinntiú go mbeadh gach aon chlár caiteachais faoi réir athbhreithniú iomlán gach trí bliana ar a laghad”*.<sup>6</sup> Ghlac an Rialtas leis an moladh sin agus d'fhaomhaigh siad sraith athbhreithnithe faoin Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais (TAC), leis an dá aidhm (i) anailís chórach a chur ar fáil ar an bhfíormhéid atá á bhaint amach ag caiteachas agus (ii) bunús inar féidir níos mó cinntí eolacha a dhéanamh ar thosaíochtaí laistigh agus idir clár chaiteachais.

I 2006, rinne Aonad Measúnaithe Chaiteachais na Roinne Airgeadais (AMCRA) measúnú mionsonraithe ar an bpróiseas Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais (TAC), ag díriú ar an bpróiseas i ngach Roinn, ar cháilíocht na n-athbhreithnithe a rinneadh agus ar na torthaí a baineadh amach ó na hathbhreithnithe sin. Sa bhreis air sin, rinne An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), mar chuid dá athbhreithniú ar an tseirbhís phoiblí agus ar thionscnaimh leasaithe an próiseas athbhreithnithe chaiteachais a mheas agus shainaithin siad ábhair chúraim faoi leith maidir le neamhspleáchas an phróisis, acmhainneacht mheasúnaithe laistigh de ranna, an méid a chuir athbhreithnithe le próisis bhuiséadaithe agus meastacháin agus easpa leanúint suas na moltaí athbhreithnithe. Rinne athbhreithniú na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) roinnt mholtaí chun feabhas a chur ar oibriú an phróisis athbhreithnithe.

I 2008, shocraigh an Rialtas gur chóir an próiseas a athdhíriú chun athbhreithniú na Roinne Airgeadais agus moltaí na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) a chur san áireamh. Go háirithe, chomhaontaigh an Rialtas go ndíreodh an clár athbhreithnithe 2009-2011 níos mó ar réimsí móra caiteachais go háirithe sna rannóga Sláinte, Oideachais, Leasa Shóisialaigh agus Dlí ina raibh 75% den ollchaiteachas iomlán i 2008. Chomh maith leis sin, comhaontaíodh go ndéanfadh gach ceann den cheithre Roinn sin athbhreithniú amháin in aghaidh na bliana, fad is go ndéanfadh na Ranna eile go léir,

<sup>6</sup> *Delivering Better Government, Second Report to Government of the Co-ordinating Group of Secretaries - A Programme of Change for the Irish Civil Service* (Bealtaine, 1996), lth. 50.

Oifig na nOibreacha Poiblí agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim dhá athbhreithniú an ceann thar thréimhse trí bliana.

## 1.2 LAA agus Tionscnamh Athbhreithnithe Polasaí agus an RCS

Ó lainseáladh an Tionscnamh Athbhreithnithe Chaiteachais i 1997, tá 26 athbhreithniú/LAA críochnaithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí lena n-áirítear scéimeanna míchumais, íocaíochtaí do thuismitheoirí aonair agus an scéim liúntas forlíonta. Faoi na socruithe nua fógraithe i 2008, shocraigh an Roinn Coimirce Shóisialaí go mbeadh athbhreithniú ar íocaíochtaí tacaíochta ioncaim leanaí cuí agus san am ceart ar chúiseanna éagsúla: bhí méadú suntasach ar chaiteachas Shochar Leanaí, Méaduithe i leith Linbh Cháilithe agus Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh le blianta beaga anuas ( ó bheagán níos mó ná €881 milliún i 1997 go breis agus €3 billiún i 2008); ní dhearna athbhreithniú ar na híocaíochtaí sin faoin athbhreithniú caiteachais nó próisis LAA; ardaíodh ceisteanna maidir le chomh cuí agus chomh héifeachtach is atá íocaíochtaí tacaíocht ioncaim leanaí reatha i roinnt staidéar níos luaithe agus laistigh den phróiseas comhpháirtíochta sóisialta. Sa bhreis air sin, in ainneoin acmhainní breise suntasacha dírithe ar íocaíochtaí tacaíochtaí ioncam leanaí go háirithe Sochar Leanaí, ba iad leanaí 40% dóibh siúd go léir a bhí i mbochtanas comhsheasmhach agus a raibh rátaí bochtanais níos airde acu ná daoine fásta den aois oibre nó daoine scothaosta.

Níos ginearálta, bhí roinnt tiomantas an córas tacaíochtaí ioncam leanaí a choinneáil faoi athbhreithniú curtha san áireamh i ráitis pholasaí. Áirítear sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta agus Cuimsiú Sóisialta 2007-2016 an tiomantas seo a leanas: *“comhluach bearta tacaíochta ioncam leanaí a chothú ag 33%-35% den ráta íocaíochta leasa shóisialaigh is lú thar chúrsa an Phlean seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí ioncam leanaí atá mar aidhm acu cabhrú le teaghlaigh ar ísealioncam.”*<sup>7</sup> Liostálann an Comhaontú Comhpháirtíochta Náisiúnta *“I dTreo 2016”* roinnt ghníomhaíochtaí atá mar aidhm acu an cuspóir deireadh a chur le bochtanas leanaí lena n-áirítear tiomantas *“breis oibre a chur chun cinn, mar thosaíocht, leis an aidhm aici cabhrú le leanaí agus teaghlaigh ar ísealioncaim.”*<sup>8</sup>

Go dtí seo ní raibh polasaí TIL ina ábhar athbhreithnithe polasaí agus LLA, in ainneoin é a bheith ina phríomhábhar ina lán tuarascálacha thar na tríocha bliain atá thart. Mar chuid de chlár leanúnach athbhreithnithe caiteachais an Rialtais, thionscain an Roinn Coimirce

<sup>7</sup> *An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Baile Átha Cliath, 2007), lth. 33.

<sup>8</sup> *I dTreo 2016 Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta Deich mBliana 2006-2015*, Roinn an Taoisigh (Baile Átha Cliath, 2006), Mír 30.2.5, lth. 45-46.

Sóisialaí (RCS) i 2009, athbhreithniú ag clúdach polasaí timpeall SL, MLC, agus íocaíochtaí FIT chomh maith le gnéithe den LÉCSN agus FLL. Rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí an t-athbhreithniú thar thréimhse 18 mí i 2009/10 faoi mhaoirsiú Gasra Stiúrtha bunaithe ag Ard-Rúnaí na RCS. Imlíníonn an tuarascáil seo an cur chuige tógtha agus na príomhthéamaí ag teacht chun cinn laistigh de chaibidlí faoi leith agus cuireann anailís, torthaí agus moltaí an athbhreithnithe sin i láthair.

Tugann an t-athbhreithniú reatha mar sin deis dualgais na RCS a chomhlíonadh faoi chinneadh an rialtais an próiseas athbhreithnithe chaiteachais a athdhírú chomh maith le tabhairt faoi shaincheisteanna polasaí níos leithne ag éirí as íocaíochtaí Tacaíochta Ioncam Leanaí. Ar aon dul le cur chuige foriomlán an phróisis athbhreithnithe chaiteachais, níl sé den riachtanas gur léiriú iad na tátail san athbhreithniú ar pholasaí an Rialtais sa réimse seo ach táthar ag súil go mbeidh ról acu forbairt polasaí amach anseo a chur ar an eolas dírithe go háirithe ar airgead poiblí a chaitheamh i slí níos comhtháití, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar theaghlaigh le leanaí.

### 1.3 Scóip an athbhreithnithe

#### 1.3.1 Tacaíochtaí Ioncam Leanaí agus polasaí níos leithne um Leanaí

Cuireann an rannóg phoiblí in Éirinn réimse leathan tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil do theaghlaigh le leanaí. Síníonn siad sin trasna réimse fada seirbhísí rialtais mar **oideachas** tacaíochtaí (rochtain saor ar scoileanna, córas iompair, cláir DEIS<sup>9</sup>, béilí scoile, leabhair agus ábhair oideachais); **cúram leanaí** áiseanna agus tacaíochtaí; **sláinte leanaí** agus seirbhísí pédiatraiceacha; **seirbhísí cosanta leanaí** agus **seirbhísí agus áiseanna áitiúla** (mar chlóis scoile agus páirceanna). Cuireann forálacha áirithe laistigh den chód cánach tacaíocht do theaghlaigh le leanaí freisin. Rachadh athbhreithniú cuimsitheach ar thacaíochtaí go léir do theaghlaigh le leanaí maoinithe go poiblí go mór thar scóip an athbhreithnithe reatha agus níor mhór dó, in éifeacht, tabhairt faoi réimse leathan saincheisteanna bainteach le scóip, leorgacht agus meascán seirbhísí agus tacaíochtaí do theaghlaigh le leanaí. Go háirithe, d'fhéadfadh go dtabharfadh sé faoin tsaincheist cibé an bhfuil gá lena leithéid de thacaíocht ar chor ar bith, cibé ar chóir í a chur ar fáil trí sheirbhísí nó tacaíochtaí ioncaim, cibé ar chóir iad a bheith ar fáil do theaghlaigh go léir (uilíoch) nó roinnt teaghlach (sonraithe) nó cibé ar chóir dóibh suímh dheacra a chosc (urchosc) nó tabhairt faoi fhadhbanna teaghlaigh a bhfuil deacrachtaí acu cheana. Féachann an t-athbhreithniú reatha go mionsonraithe ar chuid

<sup>9</sup> Soláthar Comhdheiseanna sna Scoileanna

amháin den raon ceisteanna sin (tacaíochtaí ioncam leanaí) ag cur an phictiúir níos mó san áireamh ( pléite níos mionsonraithe i gCaibidil 6).

### 1.3.2 Téarmaí Tagartha

Ar aon dul le cuspóirí foriomlána den tosaíocht athbhreithnithe chaiteachais scrúdófar san athbhreithniú ar pholasaithe agus cláir thacaíochta ioncam leanaí cuspóirí polasaí tacaíochta ioncam leanaí (TIL) féachaint an bhfuil siad bailí, má tá cláir chaiteachais agus costais riaracháin bhainteacha cumraithe go maith chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh agus dá mbeadh a mhalairt de chur chuigí in ann torthaí agus éifeachtaí níos fearr a bhaint amach. Tá na téarmaí tagartha faoi leith don athbhreithniú leagtha síos mar seo a leanas:

- 1. Cuspóirí cláir agus polasaí tacaíochta ioncam leanaí a shaináithint, bailíocht cláir thacaíochta agus polasaí a bhreathnú tacaíocht ioncaim a chur ar fáil do theaghlaigh le leanaí, ról TIL sa straitéis chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí trí thacaíocht ioncaim agus obair agus comhsheasmhacht na gcuspóirí sin le cuspóirí agus tiomantais rialtais agus misean agus straitéis foriomlán na RGTS.*
- 2. Aschuir bainteach le gníomhaíocht cláir ábhartha a shainmhíniú agus leibhéal agus treocht na n-aschur sin a shaináithint. Leibhéal agus treocht costas agus acmhainní foirne bainteach leis na cláir ábhartha a shaináithint agus tuairim a thabhairt ar an éifeachtúlacht lena bhfuil a gcuspóirí bainte amach acu.*
- 3. Déan an méid atá cuspóirí polasaí bainte amach a bhreathnú agus cibé arbh fhéidir iad a bhaint amach níos éifeachtaí trína mhalairt de mheascán caiteachais cláir.*
- 4. Déan an éifeacht níos leithne polasaí agus cláir bhainteacha don tsochaí thar an meántearma go fadtearma a bhreathnú.*
- 5. Déan measúnú ar an gcéim a bhfuil an leithdháileadh maoinithe phoiblí ar bhonn reatha agus leanúnach dlite ag na cuspóirí agus scrúdaigh an scóip dá mhalairt de pholasaí nó cur chuigí eagraíochtúla chun na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhonn níos éifeachtúla agus/nó níos éifeachtaí (ar nós comparáid idirnáisiúnta a dhéanamh).*
- 6. Táscairí feidhmíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar fheidhmíú polasaí FIL agus cláir bhainteacha a shaináithint.*

---

### 1.3.3 Ceisteanna meastóireachta

Baineadh úsáid as an lámhleabhar LAA chun liosta ceisteanna meastóireachta le tabhairt fúthu a dhíorthú agus taispeántar na ceisteanna sin in éineacht leis na téarmaí tagartha ábhartha in Aguisín 3. Mar achoimre tugtar faoi éifeachtacht agus éifeachtúlacht polasaí agus clár ag trí leibhéal difriúla ach bainteacha san athbhreithniú:

- a) An mbaintear cuspóirí polasaí tacaíochta ioncam leanaí amach go héifeachtach agus go héifeachtúil leis an leibhéal foriomlán caiteachais?
- b) An bhfuil an meascán beart sonraithe agus uilíocha cuí fós sna cúinsí eacnamaíochta agus fioscacha reatha ag cur príomhchuspóirí polasaí FIL agus cuspóirí eile ar nós dreasachtaí an mhargaidh shaothair a choinneáil agus tabhairt faoi chostas cúram leanaí san áireamh? An mbainfeadh meascán polasaí difriúil torthaí níos fearr amach?
- c) An bhfuil sé riachtanach saincheisteanna ar leith deartha, feidhmíochta agus riaracháin scéimeanna ar leith a athrú chun feabhas a chur ar fheidhmíocht polasaí?

---

### 1.3.4 Tréimhse ama clúdaithe

Clúdaíonn an t-athbhreithniú an tréimhse ó 1997 go dtí an lá atá inniu ann go príomhúil ag cur san áireamh go bhfuil sonraí riaracháin ardleibhéil ar fáil (ag clúdach aschuir chláir) chun cúrsaí reatha a léiriú ach níl sonraí ag clúdach torthaí agus éifeacht (go háirithe sonraí suirbhéireacht teaghlaigh) ar fáil ach amháin le moilliú. Tá ionchas ann go mbeidh sé riachtanach forbairtí sna tréimhsí níos luaithe a bhreathnú go háirithe chun na bunchuspóirí polasaí tacaíochta ioncam leanaí a mheasúnú.

## 1.4 Modhanna agus cur chuige a glacadh

Éilíonn lámhleabhar treorach tosaíocht Athbhreithnithe Pholasaí agus LAA go sainmhíneofar scóip an athbhreithnithe faoi roinnt cheannteideal (cláir chlúdaithe, tréimhse ama srl). Baineadh úsáid as an lámhleabhar sin chun na réimsí athbhreithnithe a scóipeáil agus a eagrú go háirithe na ceisteanna meastóireachta le breathnú.

Cuireadh Coiste Stiúrtha<sup>10</sup> ar bun le cathaoirleach seachtrach agus ar a raibh comhaltaí mar ionadaithe ó réimsí ábhartha na Roinne Coimirce Sóisialaí sé sin Pleanáil, Sochar Leanaí, Ranna FIT agus Rannóg Cuimsiú Sóisialta (ó Feabhra 2010)<sup>11</sup>, chomh maith le hionadaithe ón Roinn Airgeadais (vóta leasa shóisialaigh agus an roinn mheastóireacht airgeadais lárnaigh agus vóta leasa shóisialaigh).

Scrúdaíodh na foinsí seo a leanas san athbhreithniú :

- reachtaíocht ábhartha agus faisnéis chúlra,
- treoirlínte scéime agus saintuairisc ábhartha,
- athbhreithnithe roimhe sin agus taighde ábhartha
- Eolas ar sheachadadh eagraíochtúil na dtacaíochtaí reatha,
- Cleachtas idirnáisiúnta,
- Tuarascálacha staitistice ar sheirbhísí leasa shóisialaigh,
- Tuarascálacha eolas bainistíochta,
- Achomaireachtaí córas scéime ar leith de réir mar atá ag teastáil,
- Staitisticí PS, go háirithe tuarascálacha AE- SIDM,
- Uirlisí staitistice eile mar an tsamhail SWITCH na hITES.

## 1.5 Gearrchuntas athbhreithnithe

Scrúdaítear i gCaibidil 2 an réasúnaíocht pholasaí do chláir agus pholasaí TIL trí na cuspóirí áirithe a bhaineann le gach scéim a shainnint lena n-áirítear a ról tabhairt faoi bhochtanas leanaí. Cuirtear cur síos leathan ar fáil i gCaibidil 3 ar na príomhíocaíochtaí TIL agus na príomhfhorbairtí a bhaineann le gach scéim ó tugadh isteach iad. Scrúdaítear inti freisin treochtaí i gcaiteachas ar na scéimeanna aonair chomh maith leis an líon tairbhithe ó 1997. Sainnintear i gCaibidil 4 fianaise agus sonraí atá ar fáil ar an méid atá cuspóirí polasaí á gcomhlíonadh agus breathnaítear cibé arbh fhéidir é sin a dhéanamh go héifeachtach trína mhalairt de mheascán caiteachais chláir. Déantar meastóireacht ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht cláir ar leith TIL i gCaibidil 5 agus scrúdaítear éifeachtacht seachadta seirbhíse agus riaracháin na n-íocaíochtaí TIL sin. Breathnaítear i gCaibidil 6 an éifeacht níos leithne polasaí agus cláir bhainteacha do thairbhithe beartaithe thar an meántearma go fadtéarma. Féachtar i gCaibidil 7 ar thacaíochtaí ioncam leanaí i gcomhthéacs idirnáisiúnta chomh maith le féachaint ar na treochtaí leasuithe is déanaí i dtíortha eile. Cuirtear forbheathnú ar fáil i gCaibidil 8 de na príomhthorthaí ón bhfeidhmiú comhairliúcháin déanta mar chuid den athbhreithniú. Déantar measúnú i gCaibidil 9 ar an méid a bhfuil leithdháileadh maoinithe dlite ag na cuspóirí ar bhonn reatha agus leanúnach agus scrúdaítear scóip dá mhalairt do

<sup>10</sup> Comhaltaí in Aguisín 1.

<sup>11</sup> Aistríodh feidhmeanna na Rannóige Cuimsiú Sóisialta go dtí An Roinn Pobail agus Gnóthaí Gaeltachta ó 2 Bealtaine 2010.

pholasáí nó cur chuige eagraíochtúil chun na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhonn níos éifeachtaí agus/nó níos éifeachtúla. Saináithnítear i gCaibidil 9 freisin na táscairí feidhmíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar fheidhmiú polasaí FIL agus cláir bhainteacha.

